# Asarlaí Oz

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin gceoldráma Meiriceánach 'Asarlaí Oz' (*The Wizard of Oz*), atá á chur ar stáitse ag Coláiste na Coiribe. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Féach ar réamhbhlaiseadh den cheoldráma anseo. An dtaitníonn Asarlaí Oz leat? Cén fáth?
2. An dtaitníonn ceoldrámaí leat go ginearálta? Cén fáth?
3. An bhfuil aon cheoldráma i mbéal an phobail faoi láthair?
4. An raibh tú riamh ar an stáitse – ag aisteoireacht / ag canadh / ag díospóireacht?
5. An maith leat a bheith ar an stáitse? Cén fáth?



# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *theatre companies, groups* | |
| b) *from far and wide* | |
| c) *not quite* | |
| d) *they look good* | |
| e) *a bite* | |
| f) *ready* | |
| g) *the auditions* | |
| h) *very diligently* | |
| i) *with regard to play-acting* | |
| j) *many a student* | |
| k) *alive and kicking* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ____________________

3. Cén Ghaeilge atá ar *transition year* agus *transition year students*?

____________________

4. Cén Ghaeilge atá ar *'Shame on you!'*? ____________________

5. Líon na bearnaí leis na focail chuí – ciall / dua.

Tagann faitíos le ____________. Tagann taispeántas le ____________.

6. Cé go gciallaíonn 'm'anam' *my soul* go litriúil i nGaeilge, cad is brí leis sa chaint nádúrtha?

____________________

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. An bhfuil an ceoldráma *The Wizard of Oz* an-aitheanta?
2. Cé a bheidh ag léiriú *The Wizard of Oz* i nGaillimh go luath?
3. An gceapann Séamus Ó Scanláin gur ceoltóirí maithe iad na haisteoirí óga seo? Cén fáth?
4. Cathain a thosaigh na daltaí ag cleachtadh don cheoldráma?
5. Cad é an traidisiún atá sa scoil le fada?
6. Cad a deir Deirbhile Ní Bhrolcháin faoi cheoldrámaí go ginearálta?
7. Cathain a bheidh an ceoldráma ar siúl agus cén áit a mbeidh sé ar siúl?





# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (An tuiseal tabharthach – An córas lárnach)

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na rialacha a chuirtear i bhfeidhm ar ainmfhocail tar éis na réamhfhocal simplí agus an ailt. Líonaigí na bearnaí agus tugaigí tuilleadh samplaí i ngach cás.

| **ag an / leis an / as an / ar an / faoin / chuig an / ón / roimh an / thar an / tríd an** |
|---|
| Cuirtear ______________________________ ar ainmfhocail dar tús consan (seachas **d**, **t** agus **s**): |
| - *faoin gcúram, ar an ngrúpa, faoin gcathaoir* |
| Ní chuirtear ______________________ ar ainmfhocail fhirinscneacha nó bhaininscneacha dar tús guta: |
| - *ag an aois, ar an uisce, leis an ógánach* |
| Cuirtear _____ roimh **s** ar ainmfhocail bhaininscneacha (seachas i gcás ainmfhocail dar tús sc-, sf, sm, sp-, st- nó sv- a fhágtar lom): |
| - *ar an tsráid, leis an tsaoirse, ag an tseirbhís* |
| Ní chuirtear ___________________ ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús **s** sa tuiseal tabharthach. |
| - *as an seomra, ag an sos, leis an siúinéir* |

| **den, don** |
|---|
| Cuirtear ___________________ ar ainmfhocail dar tús consan (seachas **d, t** agus **s**): |
| - *don chroí, den bhord, don mhadra* |
| Ní chuirtear ______________________ ar ainmfhocail dar tús **d** agus **t**: |
| - *den doras, don teach, den deoch* |
| Ní chuirtear _____________________ ainmfhocail fhirinscneacha dar tús **s**, ach cuirtear __________ roimh ainmfhocail bhaininscneacha: |
| - *den stáitse, don siopa, den tsaotharlann, don tseirbhís* |

## 2: Saibhreas teanga (Is iomaí …)

Cad is brí leis na frásaí thíos? Cad is féidir leat a rá faoi na hainmfhocail a leanann ‘is iomaí’?

**is iomaí duine** **is iomaí uair** **is iomaí fadhb** **is iomaí bealach**

Cuir na frásaí thuas in abairtí anois lena mbrí a léiriú agus abair amach os ard iad leis an duine in aice leat.


# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bígí ag obair i ngrúpaí agus tugaigí faoi na tascanna thíos le chéile.

**Céim 1**

Pléigí an méid atá ar eolas agaibh faoi na scéalta miotaseolaíochta seo thíos. Cé acu scéal is fearr libh? Cén fáth?




**Céim 2**

Roghnaígí ceann amháin de na scéalta sin a mbunóidh sibh ceoldráma air. Pléigí na ceisteanna seo chun cuidiú libh:

Cén fáth ar roghnaigh sibh an scéal sin?
Cé hiad na príomhcharachtair?
Cén cineál ceoil agus damhsa a bheidh agaibh sa cheoldráma?
Cad iad na mothúcháin a bheidh sa cheoldráma?

**Céim 3**

Déanaigí cur síos ar bhur gceoldráma don rang.

## 2: Scríobh

Cuir póstaer le chéile chun aisteoirí a mhealladh chuig éisteachtaí an cheoldráma.

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Anois, le breis agus céad bliain, tá an ceoldráma aitheanta, *The Wizard of Oz*, léirithe ar stáitse ag complachtaí agus grúpaí drámaíochta ó chian agus ó chóngar. Tá daltaí as Gaelcholáiste i gCathair na Gaillimhe ag tabhairt faoin gcúram an tseachtain seo chugainn agus seachtainí fada caite acu á réiteach don ócáid.

**Séamus Ó Scanláin**
*The kids from Fame.* Bhuel, ní baileach, ach m'anam go bhfuil dea-chosúlacht uilig[1] ar an ngrúpa daltaí idirbhliana seo ó Choláiste na Coiribe i nGaillimh.

"Is mór an náire thú."
"Cén fáth go ndearna tú é sin? Níor bhain mé plaic as."

An cleachtadh seo ar fad le go mbeidh na daltaí faoi réir le dul ar stáitse an tseachtain seo chugainn le ceann de na ceoldrámaí clasaiceacha.

Tagann faitíos le ciall. Agus tagann taispeántas le dua.

**Alma Ní Choileáin, Léiritheoir**
Déanann siad na héisteachtaí ag deireadh bhliain a trí uaireanta agus bíonn muid ag plé leis ó mhí Mheán Fómhair, deireadh mhí Lúnasa ar aghaidh anois agus bíonn muid á dhéanamh i rith ranganna uaireanta agus tar éis na scoile freisin. Tá siad an-díograiseach ar fad.

**Séamus Ó Scanláin**
Tá traidisiún fada i gColáiste na Coiribe ó thaobh na stáitsíochta de. Agus is iomaí dalta dá chuid a rinne a ainm dóibh féin san earnáil ina dhiaidh sin. Agus tá ceoldrámaí gar don chroí ansin.

**Deirbhile Ní Bhrolcháin, Múinteoir Ceoil**
Bíonn spraoi iontu agus bíonn meascán, uaireanta bíonn, *you know,* dráma ina thragóid nó ina, *you know, comedy* nó scéal grinn nó pé rud é. Ach na ceoldrámaí, meascann siad a lán de na rudaí sin le chéile ionas go mbíonn, *you know,* beagán den olc. Ach is i gcónaí go mbíonn nóta sonais agus nóta dóchais ann mar a bhíonn san *Wizard of Oz*; agus nuair a fhaigheann siad ar fad cineál muiníne ag an deireadh. Is minic go mbíonn an mothú sin ina lán de na ceoldrámaí.

**Séamus Ó Scanláin**
Agus cá bhfios cén áit a bhfeicfear *na stars* óga seo arís amach anseo? Ach is cinnte go mbeidh siad beo beathach sa Dubhlann ón Máirt seo chugainn ar aghaidh.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.

---

[1] uilig = leagan canúnach de 'gach uile'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *theatre companies, groups* | complachtaí drámaíochta |
| *from far and wide* | ó chian agus ó chóngar |
| *not quite* | ní baileach |
| *they look good* | tá dea-chosúlacht orthu |
| *a bite* | plaic |
| *ready* | faoi réir |
| *the auditions* | na héisteachtaí |
| *very diligently* | an-díograiseach |
| *with regard to play-acting* | ó thaobh stáitsíochta de |
| *many a student* | is iomaí dalta |
| *alive and kicking* | beo beathach |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail sin.
3. *Transition year* – an idirbhliain agus *transition year students* – daltaí na hidirbhliana.
4. Is mór an náire thú!
5. Tagann faitíos le **ciall**. Tagann taispeántas le **dua**.
6. *Gee, wow*.

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (An tuiseal tabharthach – An córas lárnach)

Freagraí:

| ag an / leis an / as an / ar an / faoin / chuig an / ón / roimh an / thar an / tríd an |
|---|
| Cuirtear **urú** ar ainmfhocail dar tús consan (seachas d, t agus s): |
| - *faoin gcúram, ar an ngrúpa, faoin gcathaoir, ar an mbord, leis an bpoiblíocht* |
| **Ní chuirtear aon ní** ar ainmfhocail fhirinscneacha nó bhaininscneacha dar tús guta: |
| - *ag an aois, ar an uisce, leis an ógánach, ar an altóir, faoin urlár* |

| | |
|---|---|
| Cuirtear **t roimh s** ar ainmfhocail bhaininscneacha (seachas i gcás ainmfhocail dar tús sc-, sf-, sm, sp-, st- nó sv- a fhágtar lom): | |
| - | *ar an tsráid, leis an tsaoirse, ag an tseirbhís, ar an tsiúlóid* |
| **Ní chuirtear aon ní** ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús s sa tuiseal tabharthach. | |
| - | *as an seomra, ag an sos, leis an siúinéir, ag an sionnach, ón stát* |

| **den, don** | |
|---|---|
| Cuirtear **séimhiú** ar ainmfhocail dar tús consan (seachas d, t agus s): | |
| - | *don chroí, den bhord, don mhadra, den chóta, don bhuachaill* |
| **Ní chuirtear aon ní** ar ainmfhocail dar tús d agus t: | |
| - | *den doras, don teach, den deoch, don dualgas, den díon* |
| **Ní chuirtear aon ní** ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús s, ach cuirtear t roimh ainmfhocail bhaininscneacha: | |
| - | *den stáitse, don siopa, den scéal, den tsaotharlann, don tseirbhís, den tseamróg* |

### 2: Saibhreas teanga (Is iomaí …)
Is iomaí duine – *many a person*; is iomaí uair – *many a time*; is iomaí fadhb – *many a problem*; is iomaí bealach – *many a way*. Bíonn an t-ainmfhocal a leanann 'is iomaí' san uimhir uatha i gcónaí.

## E. CUMARSÁID
### 1: Scríobh
#### Céim 1
Caithfidh siad na scéalta miotaseolaíochta a phlé. Tá eolas ar fáil ag na naisc seo thíos:

Niamh Chinn Óir - https://ga.wikipedia.org/wiki/Niamh_Chinn_%C3%93ir
An Bradán Feasa - https://ga.wikipedia.org/wiki/Brad%C3%A1n_feasa
Clann Lir (Oidheadh Chlainne Lir) - https://ga.wikipedia.org/wiki/Oidheadh_Chlainne_Lir
Cú Chulainn - https://ga.wikipedia.org/wiki/C%C3%BA_Chulainn

#### Céim 2
Caithfidh siad ceoldráma a bhunú ar cheann amháin de na scéalta sin agus na cúiseanna ar roghnaigh siad an scéal sin a phlé.

#### Céim 3
Caithfidh siad cur síos a dhéanamh ar an gceoldráma don rang.

### 2: Scríobh
Tabhair deis do na foghlaimeoirí póstaer a chur le chéile chun aisteoirí a mhealladh chuig éisteachtaí an cheoldráma.

Ollscoil Mhá Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta